



## IOMPAR D'IARNRÓD

Tá beartas iompair iarnróid AE dírithe ar Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid a chruthú. Glacadh trí phacáiste agus athmhúnlú in imeacht 10 mbliana tar éis an earnáil iarnróid a oscailt d'iomáocht in 2001. Glacadh ceathrú pacáiste, a ceapadh chun an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid a chomhlánú, i mí Aibreáin 2016 (an colún teicniúil) agus i mí na Nollag 2016 (an colún margaidh).

### AN BUNÚS DLÍ AGUS CUSPÓIRÍ

Airteagal 100(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Is é is aidhm do chomhbheartas iompair coimirciú a dhéanamh an iomaíocht agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar. Leis sin, is gá comhchuibhiú a dhéanamh ar na rialacha teicniúla, riaracháin agus sábháilteachta, rud atá bunriachtanach má tá idir-inoibritheacht le bheith ann idir córais iarnróid náisiúnta. D'fhéadfadh sé go gcaithfí comhchuibhiú a dhéanamh freisin ar bhearta comhshaoil agus cosanta sonraí go pointe áirithe chun saobhadh iomaíochta a chosc agus é a dhéanamh níos éasca do chuideachtaí nua dul isteach sa mhargadh.

I bPáipéar Bán ón gCoimisiún in 2011, dar teideal 'Treochlár um Limistéar Iompair Eorpach Aonair — I dtreo córas iompair atá iomaíoch agus tíosach ar acmhainní] ([COM\(2011\) 0144](#)), leag an Coimisiún síos an sprioc go n-áiritheofaí gur d'iarnród a dhéanfaí formhór an iompair meánaistir paisinéirí faoi 2050. Sa mheántearma (faoi 2030), ba cheart fad an ghréasáin ardluais a mhéadú faoi thrí agus dlúthghréasán iarnróid a chothabháil sna Ballstáit go léir. San fhadtearma, ba cheart líonra iarnróid ardluais Eorpach a chomhlánú.

### A BHFUIL BAINTE AMACH

#### A. Idir-inoibritheacht

Trí ghlacadh [Threoir 96/48/CE](#) an 23 Iúil 1996 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid ardluais thras-Eorpaigh agus [Threoir 2001/16/CE](#) an 19 Márta 2001 maidir le hidir-inoibritheacht an ghnáthchórais iarnróid thras-Eorpaigh, chuir AE tús le próiseas a bhí ceaptha chun a áirithiú gur féidir le traenacha turasanna idirthurais a dhéanamh go rianúil agus go sábháilte ó ghréasán iarnróid Ballstáit amháin go gréasán eile. Tarraingíodh suas roinnt réitigh theicniúla (ar a dtugtar 'Sonraíochtaí Teicniúla um Idir-inoibritheacht' nó STInna) mar chuid de na treoracha sin. Dírítear leis na réitigh theicniúla go príomha ar phríomhghnéithe amhail córais rialaithe, sábháilteacht, comharthaíocht, feidhmchláir theileamaitice i gcomhair seirbhísí lastais, oiliúint do bhaill



foirne a bhíonn ag gabháil d'oibríochtaí iompair idirnáisiúnta, vaigíní lastais agus laghdú torainn.

Le [Treoir 2004/50CE](#) an 29 Aibreán 2004, leasaíodh an dá threoir agus tugadh cothrom le dáta iad. Leathnaíodh raon feidhme na treorach maidir leis an ngnáthchóras iarnróid chun an líonra iarnróid Eorpach ar fad a chumhdach, ionas go ndéanfaí freastal ar na héilimh a chruthaigh oscailt suas iomlán an ghréasáin chuig seirbhísí iompair lastais náisiúnta agus idirnáisiúnta (i mí Eanáir 2007) agus seirbhísí iompair paisinéirí idirnáisiúnta (i mí Eanáir 2010). Le [Treoir 2008/57CE](#) an 17 Meitheamh 2008 — arna leasú le [Treoir 2009/131/CE](#) agus le [Treoir 2011/18/AE](#) — rinneadh na treoracha níos luaithe a athmhúnlú i dtéacs amháin. Mar chuid den Cheathrú Pacáiste Iarnróid, rinneadh Treoir 2008/57/CE a athmhúnlú freisin le [Treoir \(AE\) 2016/797](#) an 11 Bealtaine 2016 maidir le hidir-inoibritheacht an chórais iarnróid laistigh den Aontas Eorpach.

In 2005, in 2008 agus in 2012, chun na bacainní teicniúla ar idir-inoibritheacht a laghdú, shínigh ionadaithe ón tionscal iarnróid agus ón gCoimisiún meabhráin tuisceana maidir le húsáid agus forbairt an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (ERTMS). Níos deanaí, in 2016, leagadh síos le meabhrán tuisceana nua príomhchuspóirí an chomhair agus an tiomantais idir na sínitheoirí ó 2016 ar aghaidh. Is féidir teacht ar cheithre mheabhrán tuisceana ERTMS [anseo](#).

Ón 1 Eanáir 2007, tá iompar lastais náisiúnta agus idirnáisiúnta ar oscailt go hiomlán d'iomáiocht. In iarracht chun úsáid níos fearr a bhaint as an líonra lastais idirnáisiúnta agus a idir-inoibritheacht a fheabhsú, leag AE amach naoi gconair lastais iomaíocha Eorpacha i [Rialachán \(AE\) Uimh. 913/2010](#) an 22 Meán Fómhair 2010 maidir le gréasán iarnróid do lastas iomaíoch. Ba é an cuspóir ná na hiarnróid a dhéanamh níos iomaíche i ndáil le modhanna eile iompair d'earraí ar gá dóibh roinnt Ballstát a thrasnú. Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 le [Rialachán \(AE\) Uimh. 1316/2013](#) an 11 Nollaig 2013 lenar bunaíodh an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa do na blianta 2014-2020. In 2015, leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 le [Rialachán \(AE\) Uimh. 2015/1017](#) an 25 Meitheamh 2015 maidir leis an gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, leis an Mol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht agus leis an Tairseach Eorpach de Thionscadail Infheistíochta. Sa togra ón gCoimisiún [COM\(2016\)0597](#), féachadh le síneadh a chur le ré an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha, chomh maith le feabhsuithe teicniúla a thabhairt isteach don Chiste sin agus don Mhol Comhairleach Eorpach maidir le hInfheistíocht. Rinneadh vótáil ar an togra sin i gCoiste um Iompar agus Turasóireacht (Coiste TRAN) an 23 Márta 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm an 16 Deireadh Fómhair 2017 tar éis na gcaibidlíochtaí idirnáisiúnta.

Tríd an gCeathrú Pacáiste Iarnróid, rinneadh [Rialachán \(CEE\) Uimh. 1192/69](#) an 26 Meitheamh 1969 maidir le rialacha comhchoiteanna i leith normalú cuntas gnóthas iarnróid a aisghairm agus cuireadh [Rialachán \(AE\) 2016/2337](#) an 14 Nollaig 2016 ina ionad. Leasaíodh [Rialachán \(CE\) Uimh. 1370/2007](#) an 23 Deireadh Fómhair maidir le hoibleagáidí seirbhíse poiblí (OSP) freisin a bhuíochas sin don Cheathrú Pacáiste Iarnróid. Le [Rialachán \(AE\) 2016/2338](#) an 14 Nollaig 2016 ar a dtugtar Rialachán OSP freisin, leasaítear [Rialachán \(CE\) Uimh. 1370/2007](#), lena dtugtar aghaidh ar an margadh a oscailt le haghaidh seirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród.



## B. Gníomhaireacht Eorpach Iarnróid

Cuireadh an Gníomhaireacht Eorpach Iarnróid (ERA) — a bhfuil a ceanncheathrú in Lille agus Valenciennes (an Fhrainc) — ar bun trí bhíthin [Rialachán \(CE\) Uimh. 881/2004](#) an 29 Aibreán 2004 agus é mar aidhm leis sin idir-inoibritheacht agus sábháilteacht an ghréasáin iarnróid Eorpaigh a fheabhsú. Suíodh príomhchúram na gníomhaireachta mar chomhchuibhiú, clárú agus faireachán a dhéanamh ar STInna ar fud an ghréasáin iarnróid Eorpaigh go léir agus spriocanna sábháilteachta comhchoiteanna a leagan síos d'iarnróid Eorpacha. Níl aon chumhachtaí cinnteoireachta ag an ngníomhaireacht í féin, ach cabhraíonn sí leis an gCoimisiún moltaí a tharraingt suas le haghaidh cinntí. An 16 Nollaig 2008, sannadh cúraimí nua ar ERA le [Rialachán \(CE\) Uimh. 1335/2008](#). An 11 Bealtaine, mar chuid den Cheathrú Pacáiste Iarnróid, rinneadh le [Rialachán \(AE\) 2016/796](#) maidir le Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh Rialachán (CE) Uimh. 881/2004 a aisghairm agus a ionadú, d'fhonn rannchuidiú le forbairt bhreise agus feidhmiú éifeachtach Limistéir Eorpaigh Aonair Iarnróid, lena ráthaítear ardleibhéal sábháilteachta agus idir-inoibritheachta iarnróid, agus iomaíochas na n-iarnród a fheabhsú. Is é ERA an t-aon údarás anois a bhfuil sé de chumhacht aige údaruithe feithiclí a eisiúint (i gcomhair innill féinghluaiste agus vaigíní) a úsáidtear le haghaidh oibríochtaí trasteorann agus deimhnithe sábháilteachta aonair do ghnóthais iarnróid atá ag feidhmiú i roinnt Ballstát.

## C. Comhchuibhiú sóisialta

Le [Treoir 2005/47/CE ón gComhairle](#) an 18 Iúil 2005, leagtar síos na dalaí oibre d'oibrithe soghluaiste atá ag gabháil do sheirbhísí idir-inoibritheacha trasteorann san earnáil iarnróid. Tá sí bunaithe ar chomhaontú idir na comhpháirtithe sóisialta Eorpacha sa tionscal iarnróid. Thairis sin, tá sé mar aidhm ag [Treoir 2007/59/CE](#) an 23 Deireadh Fómhair na híoscheanglais cháilíochta agus deimhniú tiománaithe inneall féinghluaiste agus traenacha in AE a chomhchuibhiú. Leagtar síos inti go gcaithfidh gach tiománaí traenach ceadúnas agus deimhniú breisoiliúna comhchuibhithe a shealbhú. Ar an mbonn sin, déantar foráil sa treoir d'aitheantas frithpháirteach doiciméad. Ó mhí Dheireadh Fómhair 2011, tá deimhnithe nó ceadúnais á n-eisiúint do thiománaithe a dhéanann seirbhísí trasteorann, seirbhísí cabatáiste nó seirbhísí iompair lastais i mBallstát eile, nó atá ag obair in dhá Bhallstát ar a laghad.

## D. Rochtain ar bhonneagar le haghaidh gnóthais iarnróid.

Déantar foráil le [Treoir 95/18/CE](#) maidir le gnóthais iarnróid a cheadúnú nach mór do ghnóthas iarnróid, chun rochtain a fháil ar bhonneagair na mBallstát go léir, ceadúnas oibriúcháin a bheith aige. Déanann an Ballstát ina bhfuil an chuideachta bunaithe an ceadúnas a eisiúint, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha coitianta áirithe (dea-cháil, folláine airgeadais agus inniúlacht ghairmiúil). Leasaíodh an treoir le [Treoir 2001/13/CE](#) an 26 Feabhra 2001, lena leagadh síos coinníollacha oibriúcháin na hearnála iarnróid (sábháilteachta, teicniúla, eacnamaíochas agus airgeadais) atá infheidhme ar fud AE agus bunaíodh léi nós imeachta údarúcháin um sheirbhís lastais don líonra trasteorann Eorpach.

Le [Treoir 2012/34/AE](#) an 21 Samhain 2012 lena mbunaítear limistéar Eorpach aonair iarnróid, rinneadh [Treoir 95/18/CE](#) agus [Treoir 2001/13/CE](#) a ionadú agus a aisghairm.



Tugadh le chéile ann i dtéacs amháin na príomhphrionsabail lena rialaítear forbairt iarnróid (ag díriú, inter alia, ar dheighilt bainistíochta bonneagair agus gníomhaíochtaí iompair) ceadúnais a dheonú do ghnóthais iarnróid agus muirir a ghearradh as bonneagar a úsáid. Tríd is tríd, spreagtar iomaíocht leis an treoir trí choinníollacha rochtana an mhargaidh a dhéanamh níos trédhearcaí, trí fhoráil a dhéanamh maidir le deighilt shoiléir cuntas agus na comhlachtaí rialála náisiúnta a neartú. Leagtar síos leis an treoir na coinníollacha rochtana gréasáin agus seirbhíse agus, ar bhealach níos mionsonraithe, na rialacha lena rialaítear tobhach muirear.

Ceapadh an Ceathrú Pacáiste Iarnróid chun an Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid a chomhlánú agus idir-inoibritheacht a fheabhsú. Bhí sé mar aidhm aige conarthaí seirbhíse iarnróid poiblí intíre a oscailt suas don iomaíocht, d'fhonn cáilíocht agus éifeachtúlacht na seirbhísí náisiúnta iompair do phaisinéirí a fheabhsú. An 14 Nollaig 2016, glacadh [Treoir \(AE\) 2016/2370](#) (ar a dtugtar freisin an Treoir um Rialachas), lena leasaítear Treoir 2012/34/AE maidir leis an margadh le haghaidh seirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród a oscailt agus maidir le rialachas an bhonneagair iarnróid.

Rinneadh [Treoir 95/18/CE](#) an 19 Meitheamh 1995 maidir le ceadúnú gnólachtaí iarnróid a leasú freisin le [Treoir 2004/49/CE](#) an 29 Aibreán 2004 lena gceanglaítear ar na gnóthais iarnróid go léir an deimhniú sábháilteachta a fháil chun rochtain a bheith acu ar bhonneagar. Le [Treoir 2008/110/CE](#) an 16 Nollaig 2008, ar a dtugtar freisin an Treoir um Shábháilteacht Iarnróid, leasaíodh Treoir 2004/49/CE. Mar chuid den Cheathrú Pacáiste Iarnróid, rinneadh le [Treoir \(AE\) 2016/798](#) an 11 Bealtaine 2016 maidir le sábháilteacht iarnróid Treoir 2008/110/CE a aisghairm.

#### E. Torann iarnróid

Le [Treoir 20002/49/CE](#) an 25 Meitheamh 2002 maidir le measúnú agus bainistiú torainn comhshaoil (an Treoir a bhaineann le Torann), soláthraítear bonn chun bearta AE a ghlacadh atá ceaptha chun astaíochtaí torainn ó fheithiclí iarnróid agus ó bhonneagair a laghdú. Dá réir sin, sa bhliain 2003, glacadh treoirínte maidir le modhanna ríomha le haghaidh torann iarnróid, agus i mí an Mheithimh 2006, tháinig teorainneacha astaíochtaí torainn i bhfeidhm le haghaidh rothstoic a úsáidtear in AE. I mí Aibreáin 2011, rinneadh athbhreithniú i gcinneadh breise ón gCoimisiún ar na STInna le haghaidh rothstoc an chórais iarnróid. An 8 Iúil 2008, d'fhoilsigh an Coimisiún teachtaireacht dar teideal 'Bearta laghdaithe torainn iarnróid a thugann aghaidh ar an bhflít atá ann cheana' ([COM\(2008\)0432](#)), ina leagtar amach an sprioc na vaigíní lastais go léir a aisfheistiú faoi 2015. In iarracht chun cuideachtaí iarnróid a spreagadh a gcuid vaigíní a aisfheistiú le coscáin ísealtorainn, déantar foráil freisin i [dTreoir 2012/34/AE](#) le haghaidh córas muirearbhailithe nua atá difreáilte ó thaobh torainn de (an Córas Eorpach um Rialú Traenacha (ETCS)). Mar thosaíocht, tá sé mar aidhm ag na táillí bonneagair difreáilte torainn díriú ar fheithiclí lastais nach gcomhlíonann riachtanais na STInna a bhaineann le 'torann – rothstoic' an ghnáthchórais iarnróid thras-Eorpaigh. Mar a pléadh thuas, leasaíodh Treoir 2012/34/AE leis an gCeathrú Pacáiste Iarnróid, eadhon [Treoir \(AE\) 2016/2370](#) an 14 Nollaig 2016 maidir leis an margadh a oscailt le haghaidh seirbhísí intíre iompair do phaisinéirí d'iarnród agus le haghaidh rialachas an bhonneagair iarnróid.



## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

D'úsáid Parlaimint na hEorpa a cumhachtaí reachtacha chun tacú le formhór na dtograí ón gCoimisiún le haghaidh comhchuibhiú, agus béim á leagan aici ag an am céanna ar ghnéithe sonracha áirithe.

1. Ina [rún an 11 Márta 2008](#) maidir leis an mbeartas iompair inbhuanaithe, thacaigh an Pharlaimint go sainráite le córas sábháilteachta, rialaithe agus comharthaíochta iarnróid ERTMS/ETCS a thabhairt isteach, d'fhonn constaicí teicniúla a dhíothú, agus d'iarr sí go mbogfaí i dtreo Limistéar Eorpach Aonair Iarnróid a bhunú;
2. Ina [rún an 11 Márta 2009](#) maidir le hiompar a ghlású agus maidir le costais sheachtracha a inmheánú, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún céimeanna a dhéanamh gan mhoill chun tograí sonracha a sholáthar do na modhanna iompair go léir. D'iarr sí ar an gCoimisiún freisin plean cuimsitheach a chur isteach chun costais sheachtracha a ríomh agus a mhuirearú agus measúnú a dhéanamh ar a n-iarmhairt ar bhonn samhail intuigthe. Ina dhiaidh sin, d'iarr an Pharlaimint ar an gCoimisiún togra a tharraingt suas le haghaidh treorach d'fhonn muirir rianrochtana atá bainteach le torann a thabhairt isteach d'innill féinghluaiste agus do vaigíní chun dreasachtaí a sholáthar do ghnóthais iarnróid a gcuid flíteanna a aisfheistiú le feithiclí ísealtorainn;
3. Ina [rún an 9 Meán Fómhair 2015](#) dar teideal 'Cur chun Feidhme [Phaipéar Bán 2011 maidir le hlompar](#): an staid mar atá agus an bealach ar aghaidh i dtreo na soghluaisteachta inbhuanaithe', d'iarr an Pharlaimint, maidir le hiompar d'iarnród, go nglacfaí an Ceathrú Pacáiste Iarnróid go tapa. Bhí sé mar aidhm aige a áirithiú go ndéanfaí oscailt suas chothrom ar an margadh intíre le haghaidh paisinéirí d'iarnród, neamhspleáchas na mbainisteoirí bonneagair, tairiscint iomaíoch le haghaidh conarthaí seirbhíse poiblí, an leibhéal is airde sábháilteachta agus idir-inoibritheachta iarnróid, agus acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais chun a chur ar chumas ERA gníomhú mar ionad ilfhreastail le haghaidh údarú feithiclí agus deimhniú sábháilteachta.

Tá togra athmhúnlaith le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí d'iarnród ([COM\(2017\)0548](#)) á scrúdú faoi láthair ag Coiste TRAN . I mí na Samhna 2018, ghlac Parlaimint na hEorpa a rún reachtach ar an togra sin. Tá an próiseas comhchinnteoireachta ag dul ar aghaidh faoi láthair, áfach, agus níor comhaontaíodh réitigh dheiridh idir an Pharlaimint agus Comhairle an Aontais Eorpaigh.

Esteban Coito  
04/2019

